Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13586/22**

**LIMITE**

**JUR 648**
**AG 127**
**INST 376**
**PE 122**

**TUAIRIM ÓN tSEIRBHÍS DLÍ**[1]

| | |
|---|---|
| ó: | An tSeirbhís Dlí |
| Ábhar: | An togra Dlí Toghcháin - Comhoiriúnacht leis na Conarthaí |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ag na cruinnithe a bhí aici an 1 Meitheamh agus an 15 Iúil 2022, scrúdaigh an Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta an togra ó Pharlaimint na hEorpa le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa (FPEnna) trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, a ghlac Parlaimint na hEorpa (PE) an 3 Bealtaine 2022[2] (an togra ó Pharlaimint na hEorpa), agus d'iarr sí ar Sheirbhís Dlí na Comhairle (SDC) scrúdú a dhéanamh ar a chomhoiriúnaí atá an togra sin leis na Conarthaí.

---

1 Sa doiciméad seo, tá comhairle dlí atá faoi chosaint le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, agus gan a bheith curtha ar fáil ag Comhairle an Aontais Eorpaigh don phobal. Forchoimeádann an Chomhairle na cearta uile atá aici sa dlí maidir leis an doiciméad a fhoilsiú gan údarú.

2 Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, lena n-aisghairtear Cinneadh 76/787/CEGC, Euratom ón gComhairle agus an Ionstraim maidir le toghadh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach atá i gceangal leis an gCinneadh sin (9333/22).

2. Mar fhreagra ar an iarraidh sin, déantar measúnú sa tuairim seo ar na príomh-shaincheisteanna dlíthiúla a ardaíodh leis an togra ó Pharlaimint na hEorpa, i.e. urraim do phrionsabal na coimhdeachta agus do phrionsabal na comhréireachta, chomh maith le comhoiriúnacht leis na Conarthaí a bhaineann le toghlach uile-Aontais faoi Airteagal 14(2) CAE agus le próiseas na bpríomhiarrthóirí. Maidir leis an gcuid eile, tagraíonn Seirbhís Dlí na Comhairle go háirithe dá tuairim an 15 Márta 2016[3] maidir leis an togra ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Samhain 2015 le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear an Ionstraim maidir le toghadh Fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach[4] atá, in ainneoin roinnt athruithe ar an togra reatha ó Pharlaimint na hEorpa i gcomparáid le togra 2015, ábhartha i gcónaí, go háirithe maidir le hAirteagail 3 agus 10 den togra reatha ó Pharlaimint na hEorpa maidir le forálacha náisiúnta agus prionsabail roghnúcháin na n-iarrthóirí[5], chomh maith le hAirteagal 6 den togra reatha ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gceart vótála a fheidhmiú[6]. Thairis sin, tiocfaidh SDC ar ais, de réir mar is iomchuí, ar cheisteanna dlí eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na díospóireachta ar an togra ó Pharlaimint na hEorpa.

## II. <u>CREAT DLÍTHIÚIL</u>

3. Tá togra PE bunaithe ar Airteagal 223(1) CFAE, ar dá réir:

*'Tarraingeoidh Parlaimint na hEorpa suas togra d'fhonn na bearta is gá a bhunú do thoghadh a cuid comhaltaí trí vótáil chomhchoiteann dhíreach i gcomhréir le nós imeachta aonfhoirmeach sna Ballstáit go léir nó i gcomhréir le prionsabail ar comhphrionsabail iad ag na Ballstáit go léir.*

*Saineoidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, a ghníomhóidh trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í, na forálacha is gá. Tiocfaidh na forálacha sin i bhfeidhm tar éis a bhformheasta ag na Ballstáit, i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.'*

---

3 7038/16.
4 14743/15.
5 Féach míreanna 40 go 52 de 7038/16.
6 Féach míreanna 61 go 65 de 7038/16.



PUBLIC

## III. COMHLÍONADH PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA

4. De bhun na chéad fomhíre d'Airteagal 5(3) CAE, '*faoi phrionsabal na coimhdeachta, ní ghníomhóidh an tAontas, sna réimsí nach dtig faoina inniúlacht eisiach, ach amháin mura féidir agus a mhéad nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na gníomhaíochta arna beartú a ghnóthú go leordhóthanach, bíodh sé ar leibhéal lárnach nó ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil, ach gur féidir, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta arna beartú, na cuspóirí sin a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais*'.

5. Le hAirteagal 223(1) CFAE, ceadaítear don Chomhairle, le toiliú PE, na forálacha is gá a leagan síos chun FPEnna a thoghadh i gcomhréir le nós imeachta aonfhoirmeach sna Ballstáit go léir nó i gcomhréir le prionsabail ar comhphrionsabail iad ag na Ballstáit go léir. Ós rud é nach féidir, de réir sainmhínithe, ach nós imeachta aonfhoirmeach agus prionsabail aonfhoirmeacha ar comhphrionsabail iad ag na Ballstáit go léir a bhunú ach ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfaí a rá go dtagann an ionstraim atá le glacadh faoi Airteagal 223(1) CAE faoi fheidhmiú inniúlachta de chuid an Aontais Eorpaigh a bhaineann le feidhmiú an Aontais, ar inniúlacht í, de bharr chineál na hinniúlachta sin, nach féidir ach leis an Aontas féin a fheidhmiú agus é mar thoradh air sin nár cheart feidhm a bheith ag prionsabal na coimhdeachta agus Prótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm (Prótacal Uimh. 2)[7].

6. É sin ráite, is cosúil go nglacann Parlaimint na hEorpa leis go bhfuil feidhm ag prionsabal na coimhdeachta, mar go ndearbhaíonn sí i dtéarmaí ginearálta go gcomhlíonann a togra prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta (Aithris 23 de thogra PE). Go deimhin, a mhéid nach ndéantar foráil le togra PE maidir le nós imeachta toghcháin atá go hiomlán aonfhoirmeach, ach go mbunaítear leis prionsabail chomhchoiteanna áirithe (féach mír 16 thíos) atá le comhlánú i gcásanna áirithe le forálacha náisiúnta (mar a léirítear in Airteagal 1, mír 1, den togra féin), bheadh sé riachtanach bonn cirt a thabhairt leis na roghanna a rinne an reachtóir maidir le déine a idirghabhála rialála, agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á gcur i bhfeidhm ó thaobh substainte de.

---

[7] Féach sa chiall sin breithiúnas an 16 Feabhra 2022, an Pholainn v an Pharlaimint agus an Chomhairle, C-157/21, EU:C:2022:98, mír 241.



PUBLIC

7. Chuige sin, cheanglófaí le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 2 ar Pharlaimint na hEorpa bonn cirt a thabhairt lena dréachtghníomh reachtach i ndáil le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta trí ráiteas mionsonraithe, '[a d]*tabharfar táscairí cáilíochtúla, agus, nuair is féidir, táscairí cainníochtúla mar bhunús leis*'. Ba cheart *'measúnú áirithe ar iarmhairt airgeadais an togra'* a bheith i dtogra PE freisin agus *'aird a thabhairt ar an ngá atá ann aon ualach, bíodh sé ina ualach airgeadais nó ina ualach riarthach, a bheidh ar an Aontas, ar rialtais náisiúnta, ar údaráis réigiúnacha nó áitiúla, ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar shaoránaigh, a íosmhéadú agus é a bheith comhchuimseach leis an gcuspóir a bheidh le gnóthú'*.

PUBLIC

8. Níor sholáthar PE ráiteas mionsonraithe den sórt sin, a bheadh fíor-riachtanach, áfach, chun a chur ar chumas na Comhairle agus parlaimintí náisiúnta na mBallstát[8] measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an ghnímh le prionsabal na coimhdeachta agus ar deireadh thiar ar chumas na Cúirte Breithiúnais a hathbhreithniú a dhéanamh ar bhailíocht an ghnímh, lena gcuimsítear comhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta[9], lena n-áirítear urraim do na ceanglais shubstainteacha a leagtar síos in Airteagal 5(3) CAE agus do na ceanglais nós imeachta a leagtar síos i bPrótacal Uimh. 2[10].

9. Dá bhrí sin, féadfaidh an Chomhairle iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa cúiseanna breise a thabhairt don togra. É sin ráite, is faoin gComhairle atá sé ar deireadh, mar údar an ghnímh reachtaigh atá le glacadh, a áirithiú go gcomhlíonfaidh an ionstraim sin prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

---

8 Tá eisithe ag cúig pharlaimint náisiúnta - Parlaimint na hÉireann (12148/22), Parlaimint na Sualainne (Riksdagen) (10652/22), Seanad Ríocht na hÍsiltíre (12153/22), Teach Ionadaithe Ríocht na hÍsiltíre (12266/22) agus Parlaimint na Danmhairge (Folketinget) (12267/22) - tuairimí réasúnaithe faoi Airteagal 6 de Phrótacal Uimh. 2, a bhfuil sé d'oibleagáid ar PE iad a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Phrótacal Uimh. 2.

9 Féach mar shampla breithiúnas an 9 Deireadh Fómhair 2001, an Ísiltír v Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, C-377/98, EU:C:2001:523, míreanna 30 go 33; breithiúnas an 10 Nollaig 2002, British American Tobacco (Investments) agus Imperial Tobacco, C-491/01, EU:C:2002:741, míreanna 180 go 183; breithiúnas an 12 Iúil 2005, Alliance for Natural Health, C-154/04 agus C-155/04, EU:C:2005:449, míreanna 104 go 108.

10 Breithiúnas an 4 Bealtaine 2016, an Pholainn v Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, C-358/14, EU:C:2016:323, mír 113.

10. Sa chomhthéacs sin, tá sé le tabhairt faoi deara go dtéann roinnt forálacha i dtogra PE, amhail na cinn in Airteagal 10 a bhaineann le roghnú iarrthóirí agus, dá bhrí sin, leis an gcéim réamhthoghcháin, thar 'na bearta is gá' a ghlacadh 'do thoghadh' na FPEnna de réir bhrí Airteagal 223(1) CFAE. I gcás na rialacha sin, ní mór nasc leordhóthanach leis an nós imeachta toghcháin[11] a léiriú a thuilleadh, agus ba cheart don Chomhairle a iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa an bonn cirt is gá a sholáthar i ndáil leis sin.

PUBLIC

## IV. FOIRM AN GHNÍMH AGUS COMHLÍONADH PHRIONSABAL NA COMHRÉIREACHTA

11. Sa chéad fhomhír d'Airteagal 5(4) CAE foráiltear: '*faoi phrionsabal na comhréireachta, ní rachaidh inneachar agus foirm ghníomhaíocht an Aontais thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a bhaint amach*.'

12. Ba cheart a mheabhrú ag an tús go bhfuil an rogha is leithne is féidir ag an gComhairle agus a hinniúlacht á feidhmiú aici faoi Airteagal 223(1) CFAE agus nach bhfuil sí faoi cheangal ag raon feidhme ná cuspóir thogra PE[12], lena n-áirítear maidir le foirm an ghnímh atá beartaithe. Go deimhin, ní shonraítear in Airteagal 223(1) CFAE cineál an ghnímh atá le glacadh; ní dhéantar foráil ann ach go : '*saineoidh an Chomhairle* [...] *na forálacha is gá*.' Sa chás sin, foráiltear le hAirteagal 296, an chéad mhír, CFAE go roghnóidh na hinstitiúidí cineál na hionstraime, i.e. cibé acu rialachán, treoir nó cinneadh a ghlacadh, '*de réir an cháis, agus na nósanna imeachta is infheidhme agus prionsabal na comhréireachta á gcomhlíonadh'*.

---

**11** Féach freisin sa chiall sin an tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle an 15 Márta 2016, 7038/16, i mír 42.

**12** Féach tuairim an 15 Márta 2016, in 7038/16, míreanna 7 agus 8, ina bhfuil argóintí níos mionsonraithe.

13. I ndáil leis sin, tá sé úsáideach a mheabhrú go bhfuil céimniú idir na cineálacha éagsúla ionstraimí dá bhforáiltear in Airteagal 288 CFAE maidir lena ndéine rialála agus, os a choinne sin, a mhéid a chuireann siad srian leis an tsaoirse atá ag na Ballstáit.

a) De bhun an dara mír d'Airteagal 288 CFAE, beidh rialachán ina cheangal go huile agus go hiomlán, agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát. De réir cásdlí socair, beidh rialachán ina chuid de chóras dlí Ballstáit go huathoibríoch gan é a bheith riachtanach é a thrasuí ar bhealach ar bith[13]. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na Ballstáit bearta cur i bhfeidhm a ghlacadh chun cuid dá fhorálacha a chur chun feidhme[14]. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais, mar gheall ar a gcineál agus ar a bhfeidhm i gcóras foinsí dhlí an Aontais, go mbeidh éifeacht dhíreach ag rialacháin agus, dá réir sin, go mbeidh siad in ann cearta aonair a chruthú nach mór do na cúirteanna náisiúnta a chosaint[15].

b) Foráiltear leis an tríú mír d'Airteagal 288 CFAE go mbeidh treoir ina ceangal, maidir leis an toradh atá le gnóthú, ar gach Ballstát chuig a ndíreofar í, ach fágtar faoi na húdaráis náisiúnta foirm agus modhanna a roghnú. Murab ionann agus rialacháin, ní bheidh treoracha infheidhme go díreach i gcórais dlí náisiúnta na mBallstát agus ní mór iad a chur chun feidhme sa dlí náisiúnta[16]. De bhun an chásdlí bhunaithe, maidir le hoibleagáid na mBallstát a eascraíonn as treoir chun an toradh arna bheartú leis an treoir sin a ghnóthú agus an dualgas atá orthu, faoi Airteagal 4(3) CAE agus Airteagal 288 CFAE, gach beart iomchuí a dhéanamh, bíodh sé ginearálta nó sonrach, chun a áirithiú go mbeidh comhlíonadh an oibleagáid sin ina cheangal ar údaráis uile na mBallstát, lena n-áirítear, i gcás ábhair faoina ndlínse, na cúirteanna[17]. Aon uair is cosúil go bhfuil forálacha treorach neamhchoinníollach agus beacht go leor, féadfaidh daoine aonair brath orthu agus iad os comhair na gcúirteanna náisiúnta i gcoinne an Stáit nár chuir an treoir sin chun feidhme[18].

---

13 Breithiúnas an 14 Iúil 2011, Bureau national interprofessionel du Cognac, C-4/10 agus C27/10, EU:C:2011:484, mír 66.

14 Breithiúnas an 15 Meitheamh 2021, Facebook, C-645/19, EU:C:2021:48, míreanna 109 agus 110 agus an cásdlí dá dtagraítear.

15 Breithiúnas an 14 Nollaig 1971, Politi, 43/71, EU:C:1971:122, mír 9; breithiúnas an 17 Bealtaine 1972, Leonesio, 93/71, EU:C:1972:39, míreanna 5 agus 22).

16 Breithiúnas an 6 Bealtaine 1980, an Coimisiún v an Bheilg, 102/79, EU:C:1980:120, mír 12.

17 Breithiúnas an 17 Márta 2021, UH, C-64/20, EU:C:2021:207, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear.

18 Breithiúnas an 24 Samhain 2011, ASNEF agus FECEMD, C-468/10 agus C-469/10, EU:C:2011:777, mír 51 agus an cásdlí a luaitear.



PUBLIC

c) De bhun an cheathrú mír d'Airteagal 288 CFAE, beidh cinneadh ina cheangal go huile agus go hiomlán. Nuair a shonróidh cinneadh iad siúd chuig a ndíreofar é is orthu sin amháin a bheidh sé ina cheangal. Dá bhrí sin, ní gá cinneadh a bheith dírithe ar dhaoine sonracha agus d'fhéadfadh raon feidhme ginearálta a bheith aige. Go deimhin, tá úsáid á baint ag na hinstitiúidí, agus gníomhartha á nglacadh acu ar bhonn forálacha Conartha, as foirm cinnidh nach gceanglaítear úsáid ionstraime dlí ar leith[19] leo nó le haghaidh a n-eagrúcháin inmheánaigh[20]. Beidh cinntí a dhírítear chuig na Ballstáit ina gceangal ar institiúidí uile an Stáit lena mbaineann, lena n-áirítear na breithiúna. Dá réir sin, tá sé de dhualgas ar chúirteanna náisiúnta, de bhua thosaíocht dhlí an Aontais, staonadh ó aon fhorálacha náisiúnta a chur i bhfeidhm ar dóigh dóibh bac a chur ar chur chun feidhme cinnidh[21]. In imthosca áirithe, d'fhéadfadh éifeacht dhíreach a bheith ag forálacha cinnidh sa chiall gur féidir le duine aonair brath orthu i ndíospóid le húdarás poiblí[22]. Chuige sin, ní mór a fháil amach an bhfuil cineál, cúlra agus foclaíocht na forála atá i gceist in ann éifeachtaí díreacha a bheith acu sa chaidreamh dlíthiúil idir seolaí an ghnímh agus tríú páirtithe[23].

14. Ní mór an rogha idir na hionstraimí dlí thuasluaite a bheith bunaithe go háirithe ar phrionsabal na comhréireachta, rud a éilíonn go mbeadh gníomhaíocht 'iomchuí' chun a chuspóirí a bhaint amach agus nach rachadh sí thar a bhfuil 'riachtanach' chuige sin. I gcás ina gcaithfear roghnú idir roinnt mhaith bearta iomchuí, ní foláir dul ar iontaoibh an bhirt lena mbaineann an t-ualach is éadroime, agus ní foláir nach mbeidh na míbhuntáistí a eascróidh as sin díréireach maidir leis na spriocanna atá á saothrú[24].

---

**19** Féach, mar shampla, Cinneadh (AE, Euratom) 2018/994 ón gComhairle an 13 Iúil 2018 lena leasaítear an Ionstraim maidir le toghadh comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, IO L 178, 16.7.2018, lch. 1-3.

**20** Féach, mar shampla, Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, IO L 325 11.12.2009, lch. 35, agus Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint, IO L 274 15.10.2013, lch. 1.

**21** Breithiúnas an 21 Bealtaine 1987, Albako, 249/85, EU:C:1987:245, mír 17; breithiúnas an 30 Aibreán 2020, D.Z., C-584/18, EU:C:2020:324, míreanna 49 go 63.

**22** Breithiúnas an 21 Bealtaine 1987, Albako, 249/85, EU:C:1987:245, mír 10.

**23** Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 1970, Grad, 9/70, EU:C:1970:78, mír 6.

**24** Féach, mar shampla, breithiúnas an 30 Aibreán 2019, an Iodáil v an Chomhairle, C-611/17, EU:C:2019:332, mír 55 agus an cásdlí a luaitear; breithiúnas an 3 Nollaig 2019, Poblacht na Seice v Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, C-482/17, EU:C:2019:1035, mír 76 agus an cásdlí a luaitear.



PUBLIC

15. Mar atá luaite thuas, ligeann Airteagal 223(1) CFAE don Chomhairle na forálacha atá riachtanach chun FPEnna i gcomhréir le nós imeachta aonfhoirmeach sna Ballstáit go léir, nó i gcomhréir le prionsabail ar comhphrionsabail iad ag na Ballstáit go léir. Tugtar le tuiscint leis an dá rogha sin go bhfuil difríochtaí i ndéine rialála na bhforálacha arna nglacadh ar leibhéal an Aontais.

- Dá roghnódh an Chomhairle nós imeachta aonfhoirmeach a bhunú, d'fhéadfadh sé gurbh rialachán an ionstraim is iomchuí. Go deimhin, ionas go mbeidh nós imeachta aonfhoirmeach sna Ballstáit uile chun FPEnna a thoghadh, ní mór leibhéal ard comhchuibhithe a bheith ann, rud is fearr is féidir a bhaint amach le rialachán, i bhfianaise a shaintréithe mar a leagtar amach thuas (mír13, faoi a))[25].

- Dá mba rud é, os a choinne sin, go ndéanfadh an Chomhairle a hidirghabháil rialála a theorannú don sainmhíniú ar chomhphrionsabail, d'fhéadfadh sé go mbeadh foirm den ionstraim ar lú a déine, amhail treoir nó cinneadh, a bheith iomchuí, toisc go bhfágfadh siad lamháil do na Ballstáit maidir le foirm agus modhanna a roghnú chun na comhphrionsabail atá leagtha síos ar leibhéal an Aontais a ghnóthú.

---

[25] Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, ós rud é go gceadaítear go sainráite le hAirteagal 223(1) CFAE don Chomhairle nós imeachta aonfhoirmeach a bhunú, nach féidir an rogha seo a eisiamh *a priori* ar fhorais phrionsabal na comhréireachta.



PUBLIC

16. Eascraíonn sé as Airteagal 1 den togra ó Pharlaimint na hEorpa go n-airbheartaítear leis na forálacha maidir le toghadh FPEnna a bhunú '*i gcomhréir le nós imeachta aonfhoirmeach toghcháin maidir leis an toghlach uile-Aontais dá dtagraítear in Airteagal 15 agus le prionsabail is coiteann do na Ballstáit uile*'. Go substaintiúil, áfach, tá meascán de ghnéithe de nós imeachta aonfhoirmeach agus de chomhphrionsabail sa togra ó Pharlaimint na hEorpa, a bhaineann leis an toghlach uile-Aontais agus leis na toghlaigh náisiúnta araon.

PUBLIC

- Ar na forálacha lena leagtar síos gnéithe de <u>nós imeachta aonfhoirmeach</u> tá, mar shampla, na forálacha sin maidir leis an gceart chun vótála (Airteagal 4(1) agus (2)), an ceart chun bheith ina iarrthóir (Airteagal 5), bunú rollaí toghthóirí (Airteagal 9), liostaí na n-iarrthóirí a chur síos (Airteagal 11), an córas toghcháin (Airteagal 12), an lá toghcháin (Airteagal 19) agus an tÚdarás Eorpach um Thoghcháin (Airteagal 28).

- Is iad na forálacha lena leagtar síos <u>comhphrionsabail</u>, lena bhfágtar lamháil áirithe do na Ballstáit chun na prionsabail sin a ghnóthú, mar shampla na forálacha sin maidir le vótáil dhúbailte a chosc (Airteagal 4(3)), feidhmiú an chirt chun vótála (Airteagal 6), inrochtaineacht (Airteagal 7) agus bearta chun iontaofacht agus rúndacht na vótála poist a áirithiú (Airteagal 8(1)).

17. D'fhéadfaí a rá go bhfuil forlámhas ag forálacha an togra ó Pharlaimint na hEorpa lena leagtar síos eilimintí de nós imeachta aonfhoirmeach ó thaobh uimhreach agus tábhachta de, ionas gur cosúil gurb iomchuí foirm an rialacháin i bhfianaise an téacs mar atá sé faoi láthair.

18. Agus a corrlach leathan breithmheasa á fheidhmiú aici, áfach, féadfaidh an Chomhairle ionstraim a ghlacadh freisin ina gcuimsítear meascán de ghnéithe de nós imeachta aonfhoirmeach agus d'eilimintí lena mbunaítear prionsabail choiteanna agus lena n-athraítear an chothromaíocht idir an dá chineál eilimintí i gcomparáid leis an gcothromaíocht atá á moladh ag Parlaimint na hEorpa. I ndeireadh na dála, braithfidh rogha an chineáil iomchuí ionstraime dá bhrí sin ar ábhar deiridh na hionstraime, agus ar an leibhéal déine rialála atá á saothrú ag reachtóir an Aontais. Ba cheart na cúiseanna leis an rogha sin a leagan amach in aithrisí an ghnímh ionas go mbeidh an Chúirt Bhreithiúnais in ann a hathbhreithniú a fheidhmiú (féach an pointe 8 thuas agus an cásdlí a luaitear).

19. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, de bhua phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais[26], go bhfágann bearta de chuid na n-institiúidí atá infheidhme go díreach, lena n-áirítear go háirithe rialacháin agus cinntí atá dírithe chuig na Ballstáit, go bhfuil aon fhoráil den dlí náisiúnta atá ag teacht salach orthu neamh-infheidhme go huathoibríoch, agus nach féidir bearta reachtacha náisiúnta nua a ghlacadh a mhéid nach mbeidís ag teacht le forálacha an Aontais[27]. De réir an chásdlí bhunaithe, má choimeádtar foráil i reachtaíocht Ballstáit nach bhfuil ag teacht le foráil de chuid dhlí an Aontais, bíonn débhrí agus éiginnteacht ann maidir leis na deiseanna atá ann do dhaoine aonair a bheith ag brath ar dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, is ionann an chothabháil sin agus mainneachtain ó thaobh an Stáit sin a oibleagáidí faoin gConradh a chomhlíonadh[28]. Thairis sin, meabhraítear, gan beann ar an gcineál gnímh de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí, go bhfuil na Ballstáit faoin oibleagáid ghinearálta '*gach beart dlí náisiúnta is gá* [a ghlacadh] *chun* [ ionstraimí den sórt sin] *a chur chun feidhme*' (Airteagal 291(1) CFAE).

---

26 Féach breithiúnas an 15 Iúil 1964, Costa v. E.N.E.L, 6/64, EU:C:1964:66.

27 Breithiúnas an 9 Márta 1978, Simmenthal, 106/77, EU:C:1978:49, mír 17.

28 Breithiúnas an 18 Eanáir 2001, an Coimisiún v an Iodáil, C- 162/99, EU:C:2001:35, mír 33 agus an cásdlí a luaitear.

## V. <u>COMHOIRIÚNACHT TOGHLAIGH UILE-AONTAIS LE HAIRTEAGAL 14(2) CAE</u>

20. De bhun Aithris 9 den togra ó Pharlaimint na hEorpa, '*ba cheart toghlach uile-Aontais, ina mbeadh iarrthóir gach teaghlaigh pholaitiúil d'Uachtarán an Choimisiúin ar bharr na liostaí, a chruthú de bhreis ar na toghlaigh náisiúnta, chun gné dhaonlathach agus uile-Eorpach na dtoghchán Eorpach a fheabhsú*.'

21. Foráiltear le hAirteagal 12(1) den togra ó Pharlaimint na hEorpa go mbeidh dhá vóta ag gach vótálaí; vóta amháin chun FPEnna a thoghadh sna toghlaigh náisiúnta, agus ceann amháin chun FPEnna a thoghadh sa toghlach uile-Aontais.

22. Léitear Airteagal 15(1) den togra ó Pharlaimint na hEorpa mar seo a leanas:

> '*Beidh toghlach amháin ann a bheidh comhdhéanta de chríoch iomlán an Aontais Eorpaigh as a dtoghfar 28* [FPEnna] *sa chéad toghchán* [de FPEnna] *tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm.*
>
> '*I gcás toghcháin* [FPEnna] *ina dhiaidh sin, cinnfear méid an toghlaigh uile-Aontais leis an gCinneadh ón gComhairle Eorpach lena mbunaítear comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa*'.

23. Go neamhspleách ar an gceist maidir le comhoiriúnacht an toghlaigh uile-Aontais atá beartaithe leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE, a scrúdófar thíos, ní mór a thabhairt faoi deara ag an tús nach n-urramaíonn Airteagal 15(1) den togra ó Pharlaimint na hEorpa dáileadh na n-inniúlachtaí idir an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle mar a fhoráiltear sna Conarthaí.

24. Tá sé le tuiscint as an dara fomhír d'Airteagal 14(2) CAE go '[n]*glacfaidh an Chomhairle Eorpach d'aon toil, ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa agus lena toiliú, cinneadh lena socrófar comhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail dá dtagraítear sa chéad fhomhír.*' Is gné í méid an toghlaigh uile-Aontais a bhfuil impleachtaí díreacha ag baint léi do chomhdhéanamh Pharlaimint na hEorpa, toisc go gcinnfí léi líon na bhFeisirí nach bhfuil a suíocháin sannta do Bhallstáit shonracha. Dá bhrí sin, tagann bunú mhéid an toghlaigh uile-Aontais faoi inniúlacht na Comhairle Eorpaí, ag gníomhú di faoin nós imeachta a leagtar síos sa dara fomhír d'Airteagal 14(2) CAE.



PUBLIC

25. Os a choinne sin, is é Airteagal 223(1) CFAE an bunús dlí chun go nglacfaidh an Chomhairle, faoin nós imeachta reachtach speisialta dá bhforáiltear san airteagal sin, '*na bearta is gá [...] do thoghadh a cuid comhaltaí trí vótáil chomhchoiteann dhíreach*...'. Faoin bhforáil sin, féadfaidh an Chomhairle, dá bhrí sin, na forálacha a leagan síos maidir leis an nós imeachta toghcháin, lena n-áirítear na rialacha a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le FPEnna a thoghadh sa toghlach uile-Aontais, ach ní fhéadfaidh sí méid an toghlaigh uile-Aontais sin a chinneadh, ar sainchumas de chuid na Comhairle Eorpaí é siúd. Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 15(1) den togra ó Pharlaimint na hEorpa a mhodhnú dá réir, agus ba cheart don Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 14(2) CAE, an cinneadh is gá a ghlacadh in am trátha lena gcinnfear méid an toghlaigh uile-Aontais. Na forálacha is gá chun FPEnna a thoghadh ón toghlach uile-Aontais (Airteagal 15(2) go (13) den togra ó Pharlaimint na hEorpa) agus gach foráil eile den togra ó Pharlaimint na hEorpa a bhfuil feidhm chomhionann aici maidir le toghadh FPEnna sna toghlaigh náisiúnta agus sa toghlach uile-Aontais, tá siad bunaithe i gceart ar Airteagal 223(1) CFAE.

26. De bhun Airteagal 15(3) den togra ó Pharlaimint na hEorpa, féadfaidh gach eintiteas toghcháin Eorpach mar a shainmhínítear in Airteagal 2 liostaí uile-Aontais a thíolacadh, ina n-áireofar líon iarrthóirí is ionann agus líon na FPEnna atá le toghadh as an toghlach uile-Aontais. Sainmhínítear an coincheap den liosta uile-Aontais mar '*liosta na n-iarrthóirí a chuireann eintiteas toghcháin Eorpach isteach sa toghlach uile-Aontais*' (Airteagal 2(9) den togra ó Pharlaimint na hEorpa).

27. Ardaíonn sé sin an cheist maidir le comhoiriúnacht an toghlaigh uile-Aontais leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE, ceist ar thug Parlaimint na hEorpa aghaidh uirthi ina rún reachtach ina mhaítear go bhfuil sé sin, dar léi, comhoiriúnach leis an gConradh[29].

28. Léitear an chéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE mar a leanas:

*'Beidh Parlaimint na hEorpa comhdhéanta d'ionadaithe do shaoránaigh an Aontais. Ní rachaidh a líon thar seacht gcéad caoga, móide an tUachtarán. Beidh ionadaíocht na saoránach comhréireach go céimlaghdaitheach agus beidh íosmhéid seisear comhaltaí ann do gach Ballstát. Ní bheidh níos mó ná sé shuíochán is nócha ag aon Bhallstát.'*

---

29 Féach pointe 19 den rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa.



PUBLIC

29. Ós rud é go leagtar síos leis an bhforáil seo roinnt coinníollacha a bhaineann le comhdhéanamh PE, is iomchuí gach ceann de na coinníollacha sin a scrúdú ar leithligh.

***A) Ionadaithe do shaoránaigh an Aontais (an chéad abairt)***

PUBLIC

30. Foráiltear sa chéad abairt den chéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE go '[m]*beidh Parlaimint na hEorpa comhdhéanta d'ionadaithe do shaoránaigh an Aontais*.'[30] Tagann an méid seo tar éis Airteagal 10(2) CAE, lena bhforáiltear go '[n-]-*]ionadaítear do na saoránaigh* [i.e. saoránaigh an Aontais, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 9 CAE agus in Airteagal 20(1) CFAE)] *ar leibhéal an Aontais i bParlaimint na hEorpa*.' An dá fhoráil a cuireadh in ionad sean-Airteagal 189 de Chonradh CE, a bhí ann roimh Chonradh Liospóin, foráiltear leo gurb é atá i bParlaimint na hEorpa '*ionadaithe do phobail na Stát arna dtabhairt le chéile sa Chomhphobal*.'

31. I bhfianaise na bhforálacha sin, is léir go ndéanann na FPEnna atá le toghadh i dtoghlaigh náisiúnta agus iad siúd atá le toghadh sa toghlach uile-Aontais ionadaíocht do shaoránaigh an Aontais. Athdhearbhaítear an méid sin le hAirteagal 12(2) den togra ó Pharlaimint na hEorpa, lena bhforáiltear '*go dtoghfar FPEnna mar ionadaithe do shaoránaigh an Aontais ar bhonn na hionadaíochta cionmhaire, sna toghlaigh náisiúnta agus sa toghlach uile-Aontais*.' Leanann sé go n-urramaíonn forálacha thogra PE maidir leis an liosta uile-Aontais an coinníoll a leagtar síos sa chéad abairt den chéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE maidir le Parlaimint na hEorpa a bheith comhdhéanta de '*ionadaithe do shaoránaigh an Aontais*'.

---

**30** Féach freisin, sa chiall sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, Rivière a.o v an Pharlaimint, T-88/20, EU:T:2021:664, mír 49.

*B)* ***Uasmhéid 751 FPE san iomlán (an dara habairt)***

32. Ceanglaítear leis an dara habairt den chéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE nach rachaidh líon na FPEnna '*thar seacht gcéad caoga, móide an tUachtarán*.'

PUBLIC

33. Ós rud é go bhfuil 705 chomhalta ag PE faoi láthair, ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh an Chomhairle Eorpach cinneadh a dhéanamh go dtoghfar 46 FPE ar a mhéad as an toghlach uile-Aontais. Dá bhrí sin, ní rachadh an líon 28 FPE atá le toghadh ón liosta sin, arna bheartú ag Parlaimint na hEorpa, thar an tairseach 751 FPE ar an iomlán. Beidh sé ar ndóigh faoin gComhairle Eorpach, lena mbaineann an inniúlacht méid an toghlaigh uile-Aontais a bhunú, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 14(2) CAE, a áirithiú go n-urramófar an coinníoll sin ina cinneadh amach anseo.

***C) Ní mór ionadaíocht na saoránach a bheith comhréireach go céimlaghdaitheach, agus íosmhéid de seisear comhaltaí ag gach Ballstát agus gan níos mó ná 96 shuíochán a leithdháileadh ar aon Bhallstát (an tríú agus an ceathrú habairt)***

34. Foráiltear sa tríú agus sa cheathrú habairt den chéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE '*go mbeidh ionadaíocht na saoránach comhréireach go céimlaghdaitheach agus beidh íosmhéid seisear comhaltaí ann do gach Ballstát. Ní bheidh níos mó ná sé shuíochán is nócha ag aon Bhallstát.'*

35. Sonraítear na prionsabail maidir le hAirteagal 14(2) CAE a chur i bhfeidhm in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2018/937 ón gComhairle Eorpach an 28 Meitheamh 2018 lena socraítear comhdhéanamh PE[31] mar a leanas:

*"- le leithdháileadh na suíochán i bParlaimint na hEorpa, táthar le leas iomlán a bhaint as an íosmhéid agus as an uasmhéid in aghaidh an Bhallstáit atá leagtha amach le CAE d'fhonn méideanna daonraí na mBallstát faoi seach a léiriú a ghaire is féidir,*

*- táthar le comhréireacht chéimlaghdaitheach a shainiú mar a leanas: an cóimheas idir daonra agus líon suíochán gach Ballstáit sula ndéanfar slánú go dtí slán-uimhreacha, tá sé le hathrú de réir a gcuid daonraí faoi seach ar chaoi go ndéanfaidh gach Feisire de Pharlaimint na hEorpa arb as Ballstát dó ina bhfuil níos mó daoine, ionadaíocht do líon níos mó saoránach ná gach Feisire de Pharlaimint na hEorpa arb as Ballstát dó ina bhfuil níos lú daoine agus, os a choinne sin, gur mó an teideal a bheidh ag Ballstát chun líon mór suíochán a bheith aige i bParlaimint na hEorpa más airde an daonra sa Bhallstát sin,*

*- go bhfuil leithdháileadh na suíochán i bParlaimint na hEorpa le forbairtí déimeagrafacha sna Ballstáit a léiriú.'*

[31] IO L 164 an 2.7.2018, lch. 1



PUBLIC

36. Foráiltear le hAirteagal 15(9) agus (10) de thogra PE do chóras atá ceaptha chun cothromaíocht a áirithiú laistigh de na liostaí uile-Aontais idir trí ghrúpa Ballstát arna gcinneadh de réir mhéid a ndaonra[32]. Má ghlactar leis go mbeadh 28 suíochán sa toghlach uile-Aontais, forchuirtear le hAirteagal 15(10) den togra ó Pharlaimint na hEorpa athrú ar ord na n-iarrthóirí a bhfuil cónaí orthu in aon cheann de na Ballstáit i ngach ceann de na trí ghrúpa Ballstát suas go dtí sliotán uimhir 14 ar an liosta, agus is dóichí gurb é sin *de facto* an líon uasta FPEnna a thoghfaí ar gach liosta. Mar a léirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an togra ó Pharlaimint na hEorpa, áiritheofar leis sin go ndéanfar suíocháin a dháileadh go cothrom i measc thrí 'ciseán' na mBallstát, a bhaineann faoi seach le grúpa na gcúig Bhallstát is mó daonra (grúpa A, le méideanna daonra idir 37,9 milliún agus 83,1 milliún), an grúpa de dheich mBallstát mheánmhéide (grúpa B, le méideanna daonra idir 6,9 milliún agus 19,3 milliún) agus grúpa an dá Bhallstát déag is lú (grúpa C, le méideanna daonra idir 0,5 milliún agus 5,8 milliún).

37. Cé go bhfuil sé d'aidhm ag an gcóras seo cothromaíocht gheografach a áirithiú i measc na FPEnna a thoghtar sa toghlach uile-Aontais, urramaítear leis freisin prionsabal na comhréireachta céimlaghdaithí. Go deimhin, leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE, mar a shonraítear sa dara fleasc d'Airteagal 1 de Chinneadh 2018/937 ón gComhairle Eorpach, ní dhéantar an prionsabal sin a shainiú i dtéarmaí beachta matamaiticiúla, ach go bunúsach níl mar aidhm leis ach comhghaol fóinteach a áirithiú idir daonra gach Ballstáit agus líon na FPEnna a dhéanann ionadaíocht do na saoránaigh laistigh de gach Ballstát, rud a léiríonn forbairtí déimeagrafacha sna Ballstáit.

32 Go bunúsach, foráiltear leis an gcóras sin go roinnfear na liostaí uile-Aontais i ranna de thrí shliotán. Tá gach ceann de na trí shliotán sin le líonadh le hiarrthóir amháin a thiocfaidh as gach ceann de na trí ghrúpa Ballstát agus a shainítear in Iarscríbhinn I ar bhonn dhaonra na mBallstát lena mbaineann. Maidir leis an ord iarrthóirí a bhfuil cónaí orthu in aon cheann de na Ballstáit i ngach ceann de na trí ghrúpa Ballstát sin, beidh éagsúlacht ann i ngach roinn liosta de thrí shliotán suas go dtí sliotán uimhir 14 ar an liosta. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na hiarrthóirí i ngach ceann de na ranna sin teacht ón mBallstát céanna laistigh de ghrúpa na mBallstát lena mbaineann (A, B agus C). Ó shliotán uimhir 15 go dtí sliotán uimhir 28, níl feidhm ag aon srianta maidir le hord na n-iarrthóirí i ngach roinn de thrí shliotán. Ar ndóigh, ba ghá na figiúirí sin a oiriúnú dá gcinnfeadh an Chomhairle Eorpach méid éagsúil den toghlach uile-Aontais.

38. Is cosúil go n-áirithíonn an córas arna mholadh ag Parlaimint na hEorpa comhghaol fóinteach den sórt sin. Go deimhin, áirithítear leis an gcóras a thuairiscítear i mír 36 thuas go ndéanfaidh na FPEnna sin a thoghtar sa toghlach uile-Aontais a bhfuil cónaí orthu i gceann de na cúig Bhallstát is mó daonra (Grúpa A) ionadaíocht thar ceann níos mó saoránach ná iad siúd a bhfuil cónaí orthu sna deich mBallstát mheánmhéide (grúpa B), a dhéanfaidh ionadaíocht do níos mó saoránach ná iad siúd a bhfuil cónaí orthu sa dá Bhallstát déag is lú (grúpa C), agus, dá bhrí sin, a chomhlíonann an chéad choinníoll a leagtar síos sa dara fleasc d'Airteagal 1 de Chinneadh 2018/937 ón gComhairle Eorpach. Os a choinne sin, áirithítear leis an gcóras sin freisin go ndéanfar ionadaíocht ar líon níos mó daoine i measc na bhFeisirí a thoghtar sa toghlach uile-Aontais i measc na bhFeisirí a bhfuil cónaí orthu sna Ballstáit ina bhfuil níos mó daoine ná iad siúd a bhfuil cónaí orthu sna Ballstáit ina bhfuil níos lú daoine, rud a chomhlíonfaidh go substaintiúil an dara coinníoll a leagtar síos sa dara fleasc d'Airteagal 1 de Chinneadh 2018/937 ón gComhairle Eorpach. Thairis sin, tá sé beartaithe ag Parlaimint na hEorpa go mbeadh líon na FPEnna atá le toghadh sa toghlach uile-Aontais measartha beag (28 as 733 FPE ar an iomlán). Dá bhrí sin, coinnítear *effet utile* phrionsabal na comhréireachta céimlaghdaithí a leagtar síos sa chéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE.

39. Ar aon chuma, is faoin gComhairle Eorpach a bheidh sé, ag gníomhú di d'aon toil, ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa agus lena toiliú, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 14(2) CAE, líon na FPEnna atá le toghadh sa toghlach uile-Aontais a bhunú, a urramaíonn, dar léi, na prionsabail dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE agus, más gá, na prionsabail maidir le cur i bhfeidhm na forála seo a leagtar síos in Airteagal 1 de Chinneadh 2018/937 ón gComhairle Eorpach a oiriúnú dá réir sin.



PUBLIC

40. Ní mór a thabhairt faoi deara freisin, mar atá i gcás na dtoghlach náisiúnta cheana féin, nach í an náisiúntacht an critéar chun iarrthóirí ar liostaí uile-Aontais shannadh do Bhallstát áirithe, ach gurb é an áit chónaithe an critéar sin (féach Airteagal 20(2)(b) CFAE agus Airteagal 15(10) den togra ó Pharlaimint na hEorpa). Tá sé beartaithe codanna de thrí shliotán a bhunú chun a áirithiú go ndéanfar ionadaíocht chuí ar shaoránaigh a vótálann i mBallstáit ina bhfuil méideanna éagsúla daonra, agus gan an seasamh ar liosta an iarrthóra atá ina chónaí i mBallstát ar leith a réamhchinneadh roimh ré ar bhealach socraithe. Is faoi gach eintiteas toghcháin Eorpach atá sé an t-ord a chinneadh ar liosta na n-iarrthóirí i ngach roinn de thrí shliotán dá liosta uile-Aontais (féach Airteagal 15(10) den togra ó Pharlaimint na hEorpa).

PUBLIC

41. Tá sé fós le scrúdú an bhfuil tabhairt isteach toghlaigh uile-Aontais comhoiriúnach leis an gceathrú habairt den chéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE, ar dá bun nach mbeidh '*níos mó ná sé shuíochán is nócha ag aon Bhallstát*'.

42. Chuige sin, is gá an chéad abairt agus an ceathrú habairt den chéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE a léamh le chéile.

43. Foráiltear sa chéad abairt den chéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE go mbeidh 'Parlaimint na hEorpa comhdhéanta d'ionadaithe do shaoránaigh an Aontais', rud a urramaítear, mar a luaitear thuas (míreanna 30 agus 31), maidir le FPEnna arna dtoghadh i dtoghlaigh náisiúnta agus leis na FPEnna sin arna dtoghadh sa toghlach uile-Aontais araon.

44. Ina dhiaidh sin, tá an téarma "leithdháileadh" suíochán ar na Ballstáit, a úsáidtear sa cheathrú habairt den chéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE, le léirmhíniú sa chiall go bhfuil ráthaíocht ann go bhfuil gach Ballstát i dteideal líon réamhshainithe FPEnna a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin, go neamhspleách ar thoradh na dtoghchán. Tugtar an ráthaíocht sin do gach Ballstát trí bhíthin Airteagal 3 de Chinneadh 2018/937 ón gComhairle Eorpach, arna ghlacadh faoin dara fomhír d'Airteagal 14(2) CAE, ina leagtar síos, i gcás gach Ballstáit, líon na bhFeisirí a leithdháiltear air.

45. Mar sin féin, faoin gcóras a mhol Parlaimint na hEorpa chun Feisirí a thoghadh sa toghlach uile-Aontais, níl aon leithdháileadh den sórt sin ann do gach Ballstát.

- Ar an gcéad dul síos, níl an córas sin bunaithe ar an gcritéar go mbeidh cónaí ar an iarrthóir i mBallstát sonrach, ach go mbeidh cónaí ar an iarrthóir in aon cheann de na Ballstáit a bhaineann, faoi seach, le haon cheann de na trí ghrúpa Ballstát a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an togra ó Pharlaimint na hEorpa.

- Ar an dara dul síos, tá sé de shaoirse ag gach eintiteas toghcháin Eorpach an t-ord a chinneadh ar liosta na n-iarrthóirí i ngach roinn de thrí shliotán dá liosta uile-Aontais (Airteagal 15(10) den togra ó Pharlaimint na hEorpa).

- Ar an tríú dul síos, is i gcomhréir le córas d'Hondt a leithdháilfear na suíocháin ar na liostaí uile-Aontais bunaithe ar na torthaí comhiomlánaithe sa toghlach uile-Aontais (Airteagal 15(12) den togra ó Pharlaimint na hEorpa).

PUBLIC

46. Ar na cúiseanna sin go léir, ní féidir líon na bhFeisirí a bhfuil cónaí orthu i mBallstát ar leith agus a thoghfar sa toghlach uile-Aontais a chinneadh roimh ré. Dá bhrí sin, ní féidir an ceathrú habairt den chéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE maidir le leithdháileadh suíochán ar Bhallstáit aonair a léirmhíniú mar abairt a bhfuil feidhm aici maidir le Feisirí arna dtoghadh sa toghlach uile-Aontais, ach maidir le Feisirí a thoghtar i dtoghlaigh náisiúnta amháin, toisc nach leithdháiltear na suíocháin ach ar Bhallstáit shonracha.

47. Comhthacaítear an chonclúid sin freisin le hAirteagal 27(2) agus (6) den togra ó Pharlaimint na hEorpa, ar dá mbun a dhéanfar folúntais Fheisirí na bhFeisirí a toghadh sa toghlach uile-Aontais a líonadh leis an gcéad iarrthóir eile ar liosta na n-iarrthóirí inar toghadh an Feisire a bhfuil a shuíochán folamh ar dtús, de réir an oird tosaíochta. Ar an gcaoi sin, de ghnáth, ní bheidh cónaí ar an FPE nua sa Bhallstát céanna leis an FPE a bhfuil deireadh tagtha lena shainordú.

48. I bhfianaise a bhfuil thuas, dealraíonn sé go n-urramaíonn bunú liosta uile-Aontais mar a fhoráiltear sa togra ó Pharlaimint na hEorpa na coinníollacha a leagtar síos sa tríú agus sa cheathrú habairt den chéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE. Mar sin féin, d'fhéadfadh an reachtóir a mheas go bhfuil sé tráthúil dréachtú Airteagal 15 den togra ó Pharlaimint na hEorpa a fheabhsú, mar shampla chun an chothromaíocht gheografach idir na Feisirí atá le toghadh sa toghlach uile-Aontais a neartú.

PUBLIC

## VI. AN PRÓISEAS IARRTHÓIRÍ TOSAIGH (‘SPITZENKANDIDATEN’)

PUBLIC

49. In Aithrisí 8 agus 9 dá togra, cuireann Parlaimint na hEorpa próiseas iarrthóirí tosaigh (‘Spitzenkandidaten’) ar aghaidh d’fhonn Uachtarán an Choimisiúin a roghnú amach anseo, próiseas arna nascadh ag Parlaimint na hEorpa le bunú toghlaigh uile-Aontais. Go bunúsach, tá sé le tuiscint as na haithrisí sin gur cheart iarrthóir gach teaghlaigh pholaitiúil le haghaidh Uachtaránacht an Choimisiúin a bheith ar bharr na liostaí uile-Aontais arna dtarraingt suas ag eintitis toghcháin Eorpacha, agus gur cheart don iarrthóir a bheith in ann seasamh le comhchlár toghcháin i ngach Ballstát. Ar bhonn comhaontú polaitiúil idir na heintitis pholaitiúla Eorpacha, ba cheart a chur de chúram ar dtús ar iarrthóir tosaigh an eintitis pholaitiúil Eorpaigh sin a fuair an líon foriomlán is airde suíochán tromlach comhrialtais a bhunú sa Pharlaimint nuathofa maidir le hiarrthóir a ainmniú le haghaidh Uachtaránacht an Choimisiúin. Ina theannta sin, ‘*chun eolas a dhéanamh don phróiseas ainmniúcháin, ba cheart d’Uachtarán na Comhairle Eorpaí dul i gcomhairle le ceannairí na n-eintiteas polaitiúil Eorpach agus na ngrúpaí parlaiminteacha sin. D’fhéadfaí próiseas an iarrthóra tosaigh a chur ar bhonn foirmiúil trí bhíthin comhaontú polaitiúil idir na heintitis pholaitiúla Eorpacha agus trí bhíthin Comhaontú Idirinstitiúideach idir an Pharlaimint agus an Chomhairle Eorpach*’ (féach Aithris 8, *in fine*).

50. Níl forálacha comhfhreagracha ag gabháil leis na haithrisí sin sa chuid oibríochtúil den rialachán atá beartaithe. Is léir, dá nglacfadh an Chomhairle iad, go ndéanfaí iad a léirmhíniú mar léiriú ar ghlacadh polaitiúil na Comhairle leis an bpróiseas atá beartaithe ag Parlaimint na hEorpa. Tá fadhbanna móra dlí ag baint leis an bpróiseas sin, áfach, ar na cúiseanna seo a leanas.

51. Léitear an chéad fhomhír d’Airteagal 17(7) CAE mar a leanas:

*‘Ag féachaint do na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus tar éis dul i mbun na gcomhairliúchán iomchuí, déanfaidh an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, iarrthóir le haghaidh Uachtaránacht an Choimisiúin a mholadh do Pharlaimint na hEorpa. Toghfaidh Parlaimint na hEorpa an t-iarrthóir sin trí thromlach de na comhaltaí a chomhdhéanann í. Mura sroichfidh sé an tromlach is gá, molfaidh an Chomhairle Eorpach, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, iarrthóir nua do Pharlaimint na hEorpa faoi cheann míosa agus toghfaidh Parlaimint na hEorpa é de réir an nós imeachta chéanna.’*

52. Sonraítear an fhoráil sin i nDearbhú Uimh. 11[33], ar dá bhun, '*sula nglacfaidh an Chomhairle Eorpach cinneadh*', a rachaidh ionadaithe Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle Eorpaí '*i mbun an chomhairliúcháin is gá faoin gcreat a mheastar is iomchuí*'. Beidh an comhairliúchán sin '*dírithe ar chúlra na n-iarrthóirí d'oifig Uachtarán an Choimisiúin agus aird á tabhairt ar na toghcháin do Pharlaimint na hEorpa* (...).' Ina theannta sin, de thoradh Dearbhú Uimh. 6[34], '*nuair atá daoine á roghnú chun feidhmeanna Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a shealbhú* (…)*, ní mór aird chuí a thabhairt ar an ngá atá ann éagsúlacht gheografach agus dhéimeagrafach an Aontais agus a chuid Ballstát a urramú.*'

PUBLIC

53. Fágann sé sin, ar an gcéad dul síos, gur faoin gComhairle Eorpach atá sé an t-iarrthóir le haghaidh Uachtaránacht an Choimisiúin a mholadh do Pharlaimint na hEorpa. Níl aon ról ag an gComhairle sa phróiseas sin agus ní féidir léi, dá bhrí sin, in ionstraim arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 223(1) CFAE, dul i mbun gealltanais pholaitiúla, trí bhíthin aithrisí, maidir le hábhair a fhorchoimeádann an Conradh don Chomhairle Eorpach.

54. Ar an dara dul síos, faoi chuimsiú an chreata a leagtar síos in Airteagal 17(7) CAE agus i nDearbhuithe Uimh. 6 agus 11 (féach mír52 thuas), tá corrlach leathan breithmheasa ag an gComhairle Eorpach maidir le hiarrthóir a roghnú le haghaidh Uachtaránacht an Choimisiúin. Dá ndéanfaí cleachtas iarrthóirí tosaigh a bhunú nó a threisiú, áfach, mar atá beartaithe ag Parlaimint na hEorpa, laghdófaí an corrlach breithmheasa sin go mór, mura ndéanfaí é a eisiamh. Ós rud é, ó tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, go n-iarrtar ar Pharlaimint na hEorpa Uachtarán an Choimisiúin a '*thoghadh*', agus nach n-iarrtar uirthi an tUachtarán a '*fhormheas*' a thuilleadh, ní mór an méid sin a léamh mar léiriú ar ghné pholaitiúil an chaidrimh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún, ach níl aon iarmhairt ag an méid sin maidir le ról agus sainphribhléidí na Comhairle Eorpaí i nós imeachta ceapacháin Uachtarán an Choimisiúin[35].

55. Tá sé le tuiscint ón méid thuas go ndéanfadh an próiseas atá beartaithe maidir le hiarrthóirí tosaigh ('Spitzenkandidaten') athrú ó bhonn, chun dochair don Chomhairle, ar leagan amach bunreachtúil an Aontais agus ar an gcothromaíocht institiúideach, mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad Ba cheart, dá bhrí sin, aithrisí 8 agus 9 den togra ó Pharlaimint na hEorpa a scriosadh.

---

[33] A cuireadh i gceangal le hIonstraim Críochnaitheach na Comhdhála Idir-Rialtasaí a ghlac Conradh Liospóin.

[34] A cuireadh i gceangal le hIonstraim Críochnaitheach na Comhdhála Idir-Rialtasaí a ghlac Conradh Liospóin.

[35] Féach freisin sa chiall sin an tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle an 15 Márta 2016, 7038/16, i míreanna 27 go 31.

## VII. CONCLÚIDÍ

56. I bhfianaise an mhéid thuas, tá Seirbhís Dlí na Comhairle den tuairim:

a) go bhféadfaí a rá go dtagann an ionstraim atá le glacadh faoi Airteagal 223(1) CAE faoi fheidhmiú inniúlachta de chuid an Aontais a bhaineann lena fheidhmíocht, arb é an tAontas amháin is féidir í a fheidhmiú mar gheall ar nádúr na hinniúlachta sin; mar sin féin, sa mhéid nach bhforáiltear le togra PE do nós imeachta toghcháin atá go hiomlán aonfhoirmeach, ach go mbunaítear prionsabail chomhchoiteanna áirithe leis freisin, nach mór bonn cirt a thabhairt, i ráiteas leordhóthanach maidir le cúiseanna, leis na roghanna arna ndéanamh ag an reachtóir a mhéid a bhaineann le déine a idirghabhála rialála;

b) go bhfuil an toghlach uile-Aontais atá beartaithe comhoiriúnach leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 14(2) CAE;

c) go ndéanfadh aithrisí 8 agus 9 den togra ó Pharlaimint na hEorpa a bhaineann leis an bpróiseas iarrthóirí tosaigh ('Spitzenkandidaten') chun Uachtarán an Choimisiúin a roghnú amach anseo athrú ó bhonn, chun dochair don Chomhairle, ar leagan amach bunreachtúil an Aontais agus ar an gcothromaíocht institiúideach mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad agus gur cheart, dá bhrí sin, iad a scriosadh.

PUBLIC